

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2025  
(OR. en)

14098/25

DRS 86  
ECOFIN 1360  
EF 349

## NÓTA CLÚDAIGH

|                              |                                                                                                                                                                           |
|------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                           | An Coimisiún Eorpach                                                                                                                                                      |
| dáta a fuarthas:             | 15 Deireadh Fómhair 2025                                                                                                                                                  |
| chuig:                       | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                                                                                                                 |
| Uimh. an doic. ón<br>gCoim.: | D(2025) 110230                                                                                                                                                            |
| Ábhar:                       | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le<br>Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 18 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 110230.

Faoi iamh: D(2025) 110230



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**  
D110230/01  
[...] (2025) **XXX** draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an **XXX****

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán  
Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 18**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

### lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 18

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún<sup>2</sup>, glacadh caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta agus léirmhínthe áirithe idirnáisiúnta cuntasaíochta a bhí ann an 8 Meán Fómhair 2022.
- (2) An 9 Aibreán 2024, d'eisigh an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 18 *Cur i láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* ('IFRS 18') arb é is cuspóir dó feabhas a chur ar an bhfaisnéis a chuirtear in iúl sna ráitis airgeadais, agus béim á leagan ar fhaisnéis sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas.
- (3) Le IFRS 18 cothaítear tuairisciú feidhmíochta airgeadais trína áirithiú go nochtfaidh cuideachtaí faisnéis ábhartha lena léirítear go dílis a sócmhainní, a ndliteanais, a gcothromas, a n-ioncam agus a gcostais. Cuirtear ar a gcumas d'infheisteoirí leis cinntí níos eolasaí a dhéanamh as a dtiocfaidh leithdháiltí caipitil níos fearr agus rannchuidiú le cobhsaíocht airgeadais fhadtéarmach.
- (4) Le IFRS 18 neartaítear cáilíocht an tuairiscithe airgeadais, go háirithe trí cheangal a chur ar chuideachtaí a bhfo-iomláin shainithe a sholáthar sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas; tríd an nochtadh maidir le tomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe; agus trí phrionsabail nua a chur isteach maidir le comhiomlánú agus dí-chomhiomlánú faisnéise.
- (5) Trí IFRS 18 a ghlacadh, tugtar le tuiscint, mar thoradh air sin, go ndéantar leasuithe ar na caighdeáin seo a leanas nó ar na léirmhínthe ar na caighdeáin: IFRS 1 *Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais*, IFRS 2 *Íocaíocht Scairbhunaithe*, IFRS 3 *Comhcheangail Ghnó*, IFRS 5 *Sócmhainní Neamhreacha arna Sealbhú le Díol agus Oibríochtaí Scortha*, IFRS 6 *Taiscéalaíocht agus Meastóireacht Mianraí*, IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí*, IFRS 8 *Deighleoga Oibriúcháin*, IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais*, IFRS 10 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite*, IFRS 11

<sup>1</sup> IO L 243, 11.9.2002, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/oj>.

<sup>2</sup> Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2023 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 237, 26.9.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1803/oj>).

*Comhshocruithe, IFRS 12 Nochtadh Leasanna in Eintitis Eile, IFRS 13 Tomhas Luach Cóir, IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí, IFRS 16 Léasanna, IFRS 17 Conarthaí Árachais, Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta ('IAS') 2 Fardail, IAS 7 Ráiteas Sreabhaidh Airgid, IAS 8 Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta, IAS 10 Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe, IAS 12 Cánacha Ioncaim, IAS 16 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh, IAS 19 Sochair Fostaithe, IAS 20 Cuntasaíocht um Dheontais Rialtais agus um Nochtadh Cúnaimh Rialtais, IAS 21 Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí, IAS 24 Faisnéis a Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara, IAS 26 Cuntasaíocht agus Tuairisciú na bPleananna Sochair Scoir, IAS 27 Ráitis Airgeadais ar leith, IAS 28 Infheistíochtaí in Eintitis Chomhlachaithe agus i gComhfhiontair, IAS 29 Tuairisciú Airgeadais i nGeilleagair Hipearbhoilscitheacha, IAS 32 Ionstraimí Airgeadais: Cur i láthair, IAS 33 Tuilleamh in aghaidh na Scaire, IAS 34 Tuairisciú airgeadais eatramhach, IAS 36 Lagú Sócmhainní, IAS 37 Soláthairtí, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha, IAS 38 Sócmhainní Doláimhsithe, IAS 40 Réadmhaoin Infheistíochta, IAS 41 Talmhaíocht, Léirmhíntithe ó Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ('IFRIC') 1 Athruithe ar Dhíchoimisiúnú, Athbhunú agus Dliteanais Chomhchosúla atá ann cheana, IFRIC 2 Scaireanna Comhaltaí in Eintitis Chomharchumainn agus Ionstraimí Comhchosúla, IFRIC 5 Cearta Chun Leasa a eascraíonn as Cistí a bhaineann le Díchoimisiúnú, le hAthchóiriú agus le hAthshlánú Comhshaoil, IFRIC 6 Dliteanais de bharr Rannpháirtíocht i Margadh Sonrach—Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach, IFRIC 12 Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse, IFRIC 14 IAS 19 – An Teorainn ar Shócmhainn Sochair Shainithe, Na hÍoscheanglais Chistiúcháin agus a nIdirghníomhaíocht, IFRIC 16 Fáluithe de ghlan-infheistíocht in oibriocht eachtrach, IFRIC 17 Dáiltí Sócmhainní Neamhairgid ar Úinéirí, IFRIC 19 Dliteanais Airgeadais a Mhúchadh le hIonstraimí Cothromais, IFRIC 20 Costais Scafa i gCéim Táirgthe Mianaigh Dromchla, IFRIC 21 Tobhaigh, IFRIC 22 Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach agus Comaoin Réamhiocaíochta, IFRIC 23 Éiginnteacht maidir le Láimhseálacha Cánach Ioncaim, agus Léirmhíntithe ó Choiste na Léirmhíntithe Caighdeánacha ('SIC')-7 Tabhairt isteach an Euro, SIC-10 Cúnamh Rialtais – Gan Aon Choibhneas Sonrach aige le Gníomhaíochtaí Oibriúcháin, SIC-25 Cánacha Ioncaim – Athruithe ar Stádas Cánach Eintitis nó a Scairshealbhoirí, SIC-29 Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse: Nochtaí agus SIC- 32 Sócmhainní Doláimhsithe—Costais Láithreáin Gréasáin.*

- (6) Thairis sin, tugtar le tuiscint leis mar iarmhairt air sin go ndéanfar IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* a tharraingt siar.
- (7) Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, maidir le IFRS 18, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le glacadh mar a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002
- (8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/1803 a leasú dá réir sin.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Rialála Cuntasaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1803:

- (1) Cuirtear isteach Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ('IFRS') 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* ('IFRS 18') mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;
- (2) IFRS 1 *Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais*, IFRS 2 *Íocaíocht Scairbhunaithe*, IFRS 3 *Comhcheangail Ghnó*, IFRS 5 *Sócmhainní Neamhreatha arna Sealbhú le Diol agus Oibriochtaí Scortha*, IFRS 6 *Taiscéalaíocht agus Meastóireacht Mianraí*, IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí*, IFRS 8 *Deighleoga Oibriúcháin*, IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais*, IFRS 10 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite*, IFRS 11 *Comhshocrúithe*, IFRS 12 *Nochtadh Leasanna in Eintitis Eile*, IFRS 13 *Tomhas Luach Cóir*, IFRS 15 *Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí*, IFRS 16 *Léasanna*, IFRS 17 *Conarthaí Árachais*, Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta ('IAS') 2 *Fardail*, IAS 7 *Ráiteas Sreabhaidh Airgid*, IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta*, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta, IAS 10 *Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe*, IAS 12 *Cánacha Ioncaim*, IAS 16 *Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh*, IAS 19 *Sochair Fostaithe*, IAS 20 *Cuntasaíocht um Dheontais Rialtais agus um Nochtadh Cúnaimh Rialtais*, IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*, IAS 24 *Faisnéis a Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara*, IAS 26 *Cuntasaíocht agus Tuairisciú na bPleananna Sochair Scoir*, IAS 27 *Ráitis Airgeadais ar leith*, IAS 28 *Infheistíochtaí in Eintitis Chomhlachaithe agus i gComhfhiontair*, IAS 29 *Tuairisciú Airgeadais i nGeilleagair Hipearbhoilscitheacha*, IAS 32 *Ionstraimí Airgeadais: Cur i láthair*, IAS 33 *Tuilleamh in aghaidh na Scaire*, IAS 34 *Tuairisciú airgeadais eatramhach*, IAS 36 *Lagú Sócmhainní*, IAS 37 *Soláthairtí, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*, IAS 38 *Sócmhainní Doláimhsithe*, IAS 40 *Réadmhaoin Infheistíochta*, IAS 41 *Talmhaíocht*, Léirmhíntithe ó Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ('IFRIC') 1 *Athruithe ar Dhíchoimisiúnú, Athbhunú agus Dliteanais Chomhchosúla atá ann cheana*, IFRIC 2 *Scaireanna Comhaltaí in Eintitis Chomharchumainn agus Ionstraimí Comhchosúla*, IFRIC 5 *Cearta Chun Leasa a eascraíonn as Cistí a bhaineann le Díchoimisiúnú, le hAthchóiriú agus le hAthshlánú Comhshaoil*, IFRIC 6 *Dliteanais de bharr Rannpháirtíocht i Margadh Sonrach—Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach*, IFRIC 12 *Socrúithe maidir le Lamhálas Seirbhíse*, IFRIC 14 *IAS 19 – An Teorainn ar Shócmhainn Sochair Shainithe, Na hÍoscheanglais Chistiúcháin agus a nIdirghníomhaíocht*, IFRIC 16 *Fáluithe de ghlan-infheistíocht in oibriocht eachtrach*, IFRIC 17 *Dáiltí Sócmhainní Neamhairgid ar Úinéirí*, IFRIC 19 *Dliteanais Airgeadais a Mhúchadh le hIonstraimí Cothromais*, IFRIC 20 *Costais Scafa i gCéim Táirgthe Mianaigh Dromchla*, IFRIC 21 *Tobhaigh*, IFRIC 22 *Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach agus Comaoin Réamhíocaíochta*, IFRIC 23 *Éiginnteacht maidir le Láimhseálacha Cánach Ioncaim*, agus Léirmhíntithe ó Choiste na Léirmhíntithe Caighdeánacha ('SIC')-7 *Tabhairt isteach an Euro*, SIC-10 *Cúnamh Rialtais – Gan Aon Choibhneas Sonrach aige le Gníomhaíochtaí Oibriúcháin*, SIC-25 *Cánacha Ioncaim – Athruithe ar Stádas Cánach Eintitis nó a Scairshealbhóirí*, SIC-29 *Socrúithe maidir le Lamhálas Seirbhíse: Nochtaí agus SIC- 32 Sócmhainní Doláimhsithe—Costais Láithreáin Gréasáin*, déantar iad a leasú i gcomhréir le IFRS 18 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(3) Scriostar IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais*.

*Airteagal 2*

Cuirfidh gach cuideachta an leasú dá dtagraítear in Airteagal 1 i bhfeidhm ó dháta tosaithe a céad bhliana airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027, nó dá éis, ar a dhéanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN